CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/220 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Feabhra 2023

lena leagtar síos agus lena bhforbraítear caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta de bhun Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 38(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/817, i gcomhar le Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), bunaítear creat chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha, na víosaí, an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce.

(2) Déantar foráil sna Rialacháin sin maidir le formáid uilíoch teachtaireachta a fheidhmeoidh mar chaighdeán le haghaidh malartú struchtúrtha, trasteorann faisnéise idir córais faisnéise, údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.

(3) Is gá rialacha sonracha na formáide uilíche teachtaireachta a leagan síos maidir le EES, ETIAS, an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), an stóras coiteann sonraí céannachta, an brathadóir ilchéannachtaí mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/817 a fhorbairt agus is gá foráil shonrach a bheith ann maidir le réimsí sonraí a lipéadú le haghaidh na gcóras atá faoi raon feidhme na hidir-inoibritheachta.

(4) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2019/817 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialachán (AE) 2019/817 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal uirthi.

(5) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu ([3]). dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

([1]) IO L 135, 22.5.2019, lch. 27.

([2]) Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726, Rialachán (AE) 2018/1862 agus Rialachán (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85).

([3]) Tagann an Cinneadh seo lasmuigh de raon feidhme na mbeart dá bhforáiltear i gCinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

(6) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen ([4]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([5]).

(7) A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ([6]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([7]).

(8) A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen ([8]) a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([9]).

(9) A mhéid a bhaineann leis an gCipir, an Bhulgáir agus an Rómáin, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus Airteagal 4(1) d'Ionstraim Aontachais 2005 faoi seach.

(10) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) agus thug sé a thuairim uaidh an 2 Lúnasa 2022.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 74(1) de Rialachán (AE) 2019/817,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhíniú

Chun críocha an Chinnidh seo,

([4]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

([5]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

([6]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

([7]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

([8]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([9]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(1) ciallaíonn "córas faisnéise" lárchórais nó córais náisiúnta próiseála sonraí agus aon cheann de na comhpháirteanna idir-inoibritheachta seo a leanas: an tairseach chuardaigh Eorpach (ESP), an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí.

Airteagal 2

Caighdeán na Formáide Uilíche Teachtaireachta

1. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a bheidh caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta le haghaidh malartú faisnéise trasteorann idir údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.

2. Bainfear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) úsáid as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta, más iomchuí, nó bainfidh aon ghníomhaireacht eile de chuid an Aontais úsáid as le haghaidh samhlacha nua malartaithe faisnéise agus córais faisnéise i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.

3. Na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn II, a eascraíonn as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta, bainfear úsáid astu i bhforbairt an Chórais Dul Isteach/Imeachta (EES), an Chórais Eorpaigh um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta seo a leanas: ESP, an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachtaí.

Airteagal 3

Úsáid na formáide uilíche teachtaireachta

1. Féadfaidh úsáid a bhaint as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta le haghaidh malartú faisnéise idir córais faisnéise, údaráis nó eagraíochtaí i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile.

2. Bainfear úsáid as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta chun tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis a mhalartaítear idir córais faisnéise i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile gan dochar do na forálacha sonracha a bhaineann leis na comhpháirteanna idir-inoibritheachta a leagtar síos in Airteagail 4 agus 5.

3. Ní bheidh caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta éigeantach le haghaidh na tuairisce ar eilimintí sonraí a stóráiltear i gcóras faisnéise nó i mbunachar sonraí.

Airteagal 4

Úsáid a bhaint as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta chun an tairseach chuardaigh Eorpach a fhorbairt

Bainfear úsáid as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta chun tuairisc agus lipéad a thabhairt ar na sonraí céannachta, sonraí an doiciméid taistil agus na sonraí bithmhéadracha a chuardaítear agus a fhaightear tríd an tairseach chuardaigh Eorpach.

Airteagal 5

Úsáid a bhaint as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta chun an stóras coiteann sonraí céannachta agus an brathadóir ilchéannachta a fhorbairt

Bainfear úsáid as caighdeán na formáide uilíche teachtaireachta chun tuairisc agus lipéad a thabhairt ar na sonraí céannachta, sonraí an doiciméid taistil agus ar na sonraí bithmhéadracha a n-úsáidtear i gcás na faisnéise a mhalartaítear leis an stóras coiteann sonraí céannachta agus leis an mbrathadóir ilchéannachta dá dtagraítear in Airteagail 20 agus 22 de Rialachán (AE) 2019/817.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Is éard atá i gcaighdeán na Formáide Uilíche Teachtaireachta na doiciméid seo a leanas a sheachadtar mar thoradh ar Thionscadal na Formáide Uilíche Teachtaireachta arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach.

(1) "UMF3.1_BusinessDescription.",

(2) "UMF XML Schema Overview 3.1",

(3) "UMF V3.1 Schema&TestSamples".

Tá na doiciméid sin ar fáil ar https://circabc.europa.eu/ui/group/af638ba5-eb84-4476-87fb-9a76ad669d2e. Is í Ardrúnaíocht na Formáide Uilíche Teachtaireachta laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht Imirce agus Gnóthaí Baile an Choimisiúin Eorpaigh a bhainistíonn an suíomh gréasáin sin. Foilsítear gach nuashonrú ar na doiciméid sin ar an suíomh céanna.

IARSCRÍBHINN II

Eilimintí sonraí maidir céannacht agus doiciméad taistil i dtábla tacsanomaíochta na Formáide Uilíche Teachtaireachta in EES, VIS, ETIAS, ECRIS-TCN agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta.		
Lipéad na n-eilimintí sonraí	Mapáil na Formáide Uilíche Teachtaireachta	Tuairisc
FamilyName	PersonIdentity.PersonCoreName. FamilyName	Sloinne nó ainm teaghlaigh an duine. De ghnáth, tá an t-ainm teaghlaigh céanna ag baill de theaghlach. Tá gach cuid den ainm teaghlaigh ann, réimíreanna san áireamh.
FamilyNameAtBirth	PersonIdentity.PersonCoreName. BirthName	Sloinne breithe nó ainm teaghlaigh breithe an duine
PreviousFamilyName	a1) PersonIdentity.OtherName.Type Luach LUT: PreviousName a2) PersonIdentity.OtherName.Description	Sloinne nó ainm teaghlaigh ar baineadh úsáid as roimhe seo agus ar athraíodh go dlisteanach é.
PreviousFirstNames	a1) PersonIdentity.OtherName.Type Luach LUT: PreviousName a2) PersonIdentity.OtherName.Description	Ainmneacha roimhe seo, e.g. nuair a athraíodh céadainmneacha go dlisteanach.
OtherName	a1) PersonIdentity.OtherName.Type Luach LUT: NotAssignableName a2) PersonIdentity.OtherName.Description [Ar fáil le Formáid Uilíoch Teachtaireachta 3.1]	Ainm foirmiúil nó ainm neamhoifigiúil is ea ainm eile a dtugtar ar dhuine (ailias nó ailiasanna, ainm ealaíonta nó ainmneacha ealaíonta, gnáthainm nó gnáthainmneacha).
FirstName	PersonIdentity.PersonCoreName. FirstName	Céadainm nó céadainmneacha an duine. Gach céadainm atá mar chuid de chéannacht an duine.
DateOfBirth	PersonIdentity.DateOfBirth	An dáta a rugadh duine nó a meastar go hoifigiúil gur rugadh duine.
PlaceOfBirth	PersonIdentity.PlaceOfBirth	An chathair, an ghráig nó ceantar eile inar rugadh nó ina meastar gur rugadh duine.
CountryOfBirth	PersonIdentity.CountryOfBirth	Is í tír bhreithe an tír inar rugadh duine nó ina meastar go hoifigiúil gur rugadh duine.
Inscne	PersonIdentity.Gender	Tagraíonn inscne do ghnéas an duine
FamilyNameOfFather	a1) PersonIdentity.ParentOrGuardianName.Type Luach LUT: Athair a2) PersonIdentity.ParentOrGuardianName.FamilyName [Ar fáil le Formáid Uilíoch Teachtaireachta 3.1]	Sloinne, sloinne an chéad tuismitheora (an t-athair) atá ag an duine

Eilimintí sonraí maidir céannacht agus doiciméad taistil i dtábla tacsanomaíochta na Formáide Uilíche Teachtaireachta in EES, VIS, ETIAS, ECRIS-TCN agus comhpháirteanna idir-inoibritheachta.		
Lipéad na n-eilimintí sonraí	Mapáil na Formáide Uilíche Teachtaireachta	Tuairisc
FirstNameOfFather	a1) PersonIdentity.ParentOrGuardianName.Type Luach LUT: Athair a2) PersonIdentity.ParentOrGuardianName.FirstName [Ar fáil le Formáid Uilíoch Teachtaireachta 3.1]	Céadainm(neacha) an chéad tuismitheora (an t-athair) atá ag an duine
FamilyNameOfMother	a1) PersonIdentity.ParentOrGuardianName.Type Luach LUT: Máthair a2) PersonIdentity.ParentOrGuardianName.FamilyName [Ar fáil le Formáid Uilíoch Teachtaireachta 3.1]	Sloinne, sloinne an dara tuismitheoir (an mháthair) atá ag an duine
FirstNameOfMother	a1) PersonIdentity.ParentOrGuardianName.Type Luach LUT: Máthair a2) PersonIdentity.ParentOrGuardianName.FirstName [Ar fáil le Formáid Uilíoch Teachtaireachta 3.1]	Céadainm(neacha) an dara tuismitheoir (an mháthair) atá ag an duine
Náisiúntacht	PersonIdentity.Nationality.Country	An tír ina bhfuil saoránacht dhlíthiúil ag an duine (nó léiriú gur duine gan stát é).
NationalityAtBirth	a1) PersonIdentity.Nationality.Country a2) PersonIdentity.Nationality.StartDate = DateOfBirth	An tír nó na tíortha ina raibh saoránacht dhlíthiúil ag an duine tráth a bhreithe
DocumentType	Document.DocumentType	Cineál an doiciméid
DocumentNumber	Document.NumberInformation.Number	Uimhir alfa-uimhriúil a shann úinéir, iompróir, úsáideoir, foilsitheoir, dáileoir, eisitheoir nó monaróir an doiciméid.
IssuingCountry	Document.IssuingAuthority.NationalAffiliation	Tír údarás eisiúna an doiciméid
IssuingAuthority	Document.IssuingAuthority.Department/Agency.Name	Ainm an údaráis a d'eisigh an doiciméad
IssueDate	Document.IssueDate	Dáta ar eisíodh an doiciméad
ValidUntil	Document.ValidUntil	An dáta go dtí go bhfuil an doiciméad bailí
FullName	PersonIdentity.PersonCoreName.FullName	Is éard atá i gceist le 'ainm iomlán' an t-ainm iomlán atá ar dhuine. Tá ainm iomlán duine san ainm iomlán tréithe. Chomh maith le hábhar céadainm, ainm teaghlaigh agus, i roinnt córas, ainm athartha, is féidir codanna breise d'ainm duine a bheith ag gabháil leis sin, mar shampla teidil, dara hainmneacha nó iarmhíreanna cosúil le 'a trí', 'III' nó ainmneacha nach céadainm (ainm baiste) ná ainm teaghlaigh iad

Eilimintí sonraí bithmhéadracha atá in EES agus sBMS (seirbhís Chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha)	
Lipéad na n-eilimintí sonraí	Tuairisc
BiometricType	Léiriú ar an módúlacht bhithmhéadrach.
NISTFormat	An formáid NIST a úsáideadh chun an sampla bithmhéadrach a mhalartú.
NIST	Comhad dénártha na sonraí bithmhéadracha.
MatchingScore	Toradh na comparáide, lena léirítear méid na cosúlachta idir na samplaí bithmhéadracha (i gcás méarlorg, baineann an scór meaitseála leis an tacar méarlorg iomlán ó na sonraí tóireadóra). Dá airde an scór, is ea is airde an chosúlacht.
MatchingInterval	Léiríonn an eilimint seo an t-eatramh a bhfuil an scór meaitseála faoi bhun na tairsí meaitseála atá ann agus na tairsí meaitseála a d'fhéadfadh a bheith ann, idir na tairsí sin agus os a gcionn.
Íomhá den aghaidh	
QualityValue	Léiriú ar cháilíocht na bithmhéadrachta. Tá scóir bhithmhéadracha na n-íomhánna den aghaidh bunaithe ar algartam a leanann moltaí ISO/IEC 19794-5:2011.
NotProvidedReason	Luach an tábla cóid a léiríonn an fáth nár soláthraíodh íomhá den aghaidh.
Foinse	Luach an tábla cóid a léiríonn foinse na híomhá den aghaidh.
Méarlorg	
QualityValue	Léiriú ar cháilíocht na bithmhéadrachta. Tá scóir bhithmhéadrach na méarlorg bunaithe ar NFIQ 2.0 (NIST Fingerprint Image Quality version 2.0).
NotProvidedReason	Luach an tábla cóid a léiríonn an fáth nár soláthraíodh méarloirg.
FingersPermutation	Táscaire a léiríonn ar cheart an fíorú a dhéanamh le hiomalartú méar nó nár cheart.
HandsPermutation	Táscaire a léiríonn ar cheart an fíorú a dhéanamh le hiomalartú lámh nó nár cheart. Infheidhme maidir le sainaithint le méarloirg, agus maidir leis sin amháin.